

Scrúduimhir
Examination Number

--

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001
LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION, 2001

GEARMÁINIS — GNÁTHLEIBHÉAL
GERMAN — ORDINARY LEVEL

DÉ hAOINE, 15 MEITHEAMH — 12.10 go dtí 12.50
FRIDAY, 15 JUNE — 12.10 to 12.50

TRIAIL CHLUASTUISCEANA (100 marc)
LISTENING COMPREHENSION TEST (100 marks)

AM CEADAITHE 40 NÓIMÉAD
TIME ALLOWED 40 MINUTES

STAMPA AN IONAIID
(Centre Stamp)

CUID I	
CUID II	
CUID III	
CUID IV	
Iomlán	

An Chéad Chuid

(Cuirtear agallamh ar Herr Saris a thagann as Zagreb agus atá ag obair le fada sa Ghearmáin)

Cloisfidh tú an t-agallamh *trí* huair. Ar dtús cloisfidh tú ó thús deireadh é; ansin athchloisfidh tú é i míreanna agus sosanna ann. Ar deireadh cloisfidh tú tríd síos arís é.

1. (a) Cén sórt oibre a dhéanann Herr Saris?

(b) Cé mhéad eachtrannach san iomlán a oibríonn sa chomhlacht?

2. (a) Cé mhéad uair a chloig sa tseachtain a oibríonn Herr Saris?

(b) Cé mhéad laethanta saoire a fhaigheann sé? Cá háit agus cathain a chaitheann sé iad?

Cé mhéad / **How much** _____

Cá háit / **Where** _____

Cathain / **When** _____

3. Bhíodh Herr Saris ag obair go páirtaimsireach sa rannóg phearsanta:

(a) Cén lá den tseachtain a d'oibrigh sé ann?

(b) Luaigh **dhá** fhadhb lenar phléigh sé.

4. Luaigh **dhá** rud a deireann sé faoi na Gearmánaigh.

5. Luaigh gné **dearfach amháin** agus gné **diúltach amháin** a bhraitheann Herr Saris faoi bheith ina chónaí sa Ghearmáin.

dearfach / **plus-point** _____

diúltach / **minus-point** _____

First Part

(Interview with Herr Saris from Zagreb, who has been working for many years in Germany)

The interview will be played *three* times: first right through, then in segments with pauses, and finally right through again.

1. (a) What does Herr Saris work at?

(b) How many foreigners work in the firm altogether?

2. (a) How many hours per week does Herr Saris work?

(b) How much holidays does he get? Where and when does he spend them?

3. Herr Saris used to work part-time in the personnel section:

(a) On what day of the week did he work there?

(b) Mention **two** problems he dealt with.

4. Mention **two** things he says about the Germans.

5. Mention **one positive** aspect (plus-point) and **one negative** aspect (minus-point) which Herr Saris finds about living in Germany.

An Dara Chuid

Second Part

Cloisfidh tú comhrá gutháin anois, **trí huaire**. Tá Angela ag glaoch ar chara léi, Peter.

You will now hear a telephone conversation, **three times**. Angela is phoning a friend of hers, Peter.

1. Cén **fáth** go bhfuil an oiread sin áthais ar Angela? **Dhá** shonra a lua.

1. Why is Angela so happy? Give **two** details.

2. Feicfidh Peter Mark arís sula bhfeiceann Angela é. **Cathain** agus **cá háit** a chasfaidh Peter ar Mark?

2. Peter will see Mark again before Angela does. **When** and **where** will Peter meet Mark?

Cathain / **When** _____

Cá háit / **Where** _____

3. Cad ba mhaith le Angela go ndéarfadh Peter le Mark nuair a chasfaidh sé air?

3. What does Angela wish Peter to say to Mark when he meets him?

4. (a) Cá háit a bheidh Angela má theastaíonn ó Mark glao gutháin a chur uirthi?

4. (a) Where will Angela be if Mark wants to phone her?

(b) Cad é an uimhir ghutháin san áit sin?

(b) What is the telephone number there?

An Tríú Chuid

Cloisfidh tú comhrá anois idir Marie agus Dirk. Cloisfidh tú an comhrá *faoi thrí*. Beidh sos tar éis gach éisteachta.

1. Gan choinne leis, chuala Marie scéala faoi phleananna Dirk nach raibh súil aici leis. Labhrann sí le Dirk faoi.

(a) Conas a chuala sí faoi phleananna Dirk?

(b) Cad atá Dirk ag beartadh a dhéanamh, de réir dealraimh?

2. Tá Marie trí chéile. Cén fáth ar chuir an scéala chomh mór sin as dí?

3. Luaigh **dhá** chúis (ón gcomhrá) go dteastódh ó dhaoine óga oileán Helgoland a fhágáil.

4. Teastaíonn ó Dirk dul go Hamburg:

(a) chomh luath agus atá dothán airgid tuillte aige chun íoc as arasán ann

(b) le Marie i gcionn cúpla bliain

(c) chun bheith le cara leis atá ann cheana

(d) chun aire cheart fiaclach a fháil ann.

Cuir do rogha in iúl tríd *a, b, c* nó *d* a chur sa bhosca.

Third Part

You will now hear a conversation between Marie and Dirk. The dialogue will be played *three times*, with a pause after each playing.

1. Marie has suddenly heard news that she did not expect about Dirk's plans. She speaks to Dirk about it.

(a) How did she hear about Dirk's plans?

(b) What is Dirk seemingly planning to do?

2. Marie is upset. Why did the news upset her so much?

3. Give **two** reasons (from the conversation) why young people would want to leave the island of Helgoland.

4. Dirk wants to go to Hamburg:

(a) as soon as he has earned enough money to pay for a flat there

(b) with Marie in a few years time

(c) to be with a friend who is there already

(d) to get proper dental treatment there.

Indicate your choice by putting *a, b, c* or *d* in the box provided.

An Cheathrú Chuid

Anois cloisfidh tú trí mhír nuachta gearra, agus faisnéis na haimsire, ón raidió. Cloisfidh tú an nuacht **trí** huaire. Ar dtús cloisfidh tú ó thús deireadh é; ansin athchloisfidh tú é i **gceithre** mhír, agus sosanna ann. Ar deireadh cloisfidh tú tríd síos arís é.

(Mír 1):

1. Cén fáth go raibh sé chomh héasca sin do na gadaithe briseadh isteach i dteach i Braunschweig agus é a robáil? Luaigh fáth **amháin**.
-
-

(Mír 2):

2. (a) Cé mhéad scoil sa Ghearmáin atá ceangailte cheana féin leis an Idirlíon?
-

(b) Cathain a bheidh na scoileanna eile ceangailte leis?

(Mír 3):

3. Cén fáth go bhfuil ar na póilíní súil ghéar a choimeád ar na droichid mórtimpeall Bonn?
-
-

4. Cé mhéad cás ag na droichid a chláraíodh sa bhliain 2000?
-

(Mír 4):

5. (a) Cén sórt aimsire a táthar ag súil leis ón Chéadaoin ar aghaidh agus don deireadh seachtaine?

Ón Chéadaoin / **from Wednesday**: _____

Don deireadh seachtaine / **for the weekend**: _____

(b) Cén fógra a thugtar do dhaoine a bhfuil ailéirge orthu?

Fourth Part

You will now hear three news items taken from radio, followed by the weather forecast. The news will be played **three** times; the first time right through, then in **four** segments with pauses, and finally right through again.

(Item 1):

1. Why was it so easy for the thieves to break into and rob a house in Braunschweig? Give **one** reason.
-
-

(Item 2):

2. (a) How many schools in Germany are already linked up to the Internet?
-

(b) When will the remaining schools be linked up to it?

(Item 3):

3. Why do the police have to keep the bridges around Bonn under close watch?
-
-

4. How many incidents at the bridges were registered in the year 2000?
-

(Item 4):

5. (a) What kind of weather is expected from Wednesday on and for the weekend?

(b) What announcement is made for people with allergies?

LEATHANACH BÁN
BLANK PAGE